

Miontuairiscí Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Déardaoin 1 Nollaig 2022 ar 11:00

Ionad: An Seomra Boird, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann,
4 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 A322

<p>An Bord</p>	<p>I láthair: Eoin McVey, Cathaoirleach Dr Marie Bourke (córas físchomhdhála) Oll. Maeve Conrick John Grenham Lisa Grimm Lorelei Harris Dr Conor Kostick Oll. Kalpana Shankar Caitriona Sharkey Jennifer Taaffe</p> <p>Leithscéalta: Oll. Ciarán Ó hÓgartaigh, Leaschathaoirleach</p> <p>Tabhair do d'aire: D'fhág an córas slándála físchomhdhála nach raibh an tOll. Ó hÓgartaigh in ann freastal ar an gcruinniú Boird.</p>
<p>An Fhoireann</p>	<p>I láthair: Katherine McSharry, Stiúrthóir Gníomhach (1-12) Orla Sweeney, Rúnaí an Bhoird (1-12) Eoghan Ó Carragáin, Ceannasaí Bailiúchán Digiteach (8.2-8.3) Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais-CRO (9.1-10.1) Brian O'Donnell, Ceannasaí Eastát (10.2)</p>
<p>Tabhair do d'aire: Is éard atá i gceist le (míreanna 1-12) ná go raibh an duine sin i láthair le haghaidh na míreanna sin sna miontuairiscí. Bhí gach comhalta Boird i láthair ó thús deireadh an chruinnithe.</p>	

1. Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh an cruinniú le córam. Mar fhreagra ar iarraidh ón gCathaoirleach, níor fhógair duine ar bith den Bhord aon choinbhleacht leasa.

Bhí an cruinniú Boird le córam. Níor fhógair an Bord aon choinbhleacht leasa.

Tabhair do d'aire: Cuireadh na páipéir go léir ar fáil roimh an gcruinniú Boird, ach amháin má luaitear a mhalairt, agus glactar leis gur léadh iad.

2. Dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 6 Deireadh Fómhair 2022 agus a bhfoilsíú

D'fhaomh an Bord na dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 6 Deireadh Fómhair 2022 agus foilsíú na miontuairiscí faofa, téacs folaithe iontu de réir mar ba chúí.

3. Nithe ag éirí astu

Thug an Stiúrthóir Gníomhach breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Chuir an Stiúrthóir Gníomhach in iúl don Bhord go raibh gníomh 2022.2.5 fós le socrú in ainneoin na faisnéise ar an tábla céanna. Chuir an Stiúrthóir Gníomhach in iúl don Bhord go gcuirfeadh sí iarratas chuig an mBord mar ríomhphost chun conradh a bhronnadh le seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do NLI d'fhonn an gníomh a chur i gcrích. Mar fhreagra ar cheisteanna ón mBord, thug an Stiúrthóir Gníomhach breac-chuntas ar an bpróiseas soláthair a bhaineann leis an gconradh a bhronnadh ar sholáthraí seirbhísí aistriúcháin do NLI agus sonraí i dtaobh an tsoláthraí seirbhíse sin.

Thug an Bord tábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as ar aire.

Thug an Bord dá n-aire go gcuirfeadh an Stiúrthóir Gníomhach iarratas chuig an mBord mar ríomhphost chun an conradh a bhronnadh le seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do NLI.

Thug an Bord dá n-aire gur thug an Bord faomhadh ríomhphoist ar an 1 Samhain 2022 le go gceannódh NLI páipéir Maurice Collis [REDACTED]

[REDACTED]

Thug an Bord dá n-aire gur bronnadh an conradh ar XpertDPO chun seirbhísí mar Oifigeach Cosanta Sonraí a chur ar fáil do NLI [REDACTED]

[REDACTED] agus an ceart ann síneadh suas le 12 mhí a chur leis an téarma agus síneadh mar sin a dhéanamh 2 uair ar a mhéad bunaithe ar na téarmaí agus coinníollacha céanna.

4. Tuairisc an Stiúrthóra Gníomhaigh

Thug an Stiúrthóir Gníomhach breac-chuntas ar a tuairisc i scríbhinn chuig an mBord. Ina theannta sin, chuir an Stiúrthóir Gníomhach an Bord ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

- Cúrsaí Airgeadais: Cuirfidh an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí tuilleadh eolais ar fáil don Bhord, faoi Mhír 10.1, maidir le maoiniú breise atá fós le teacht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) chun costais NLI as pá agus fuinneamh a shásamh.
- Bailiúchán an Athar Bernárd Lynch: Tá plé suntasach déanta leis an deontóir, le páirtithe leasmhara agus leis na meáin chun aitheantas a thabhairt go bhfuarthas bailiúchán an Athar Bernárd Lynch. Tugadh breac-chuntas ar agallaimh leis an deontóir ar an raidió agus ar nuachtáin a bhí le teacht.

D'fhreagair an Stiúrthóir Gníomhach ceisteanna ón mBord maidir le cuairt Patrick O'Donovan, an tAire Stáit atá freagrach as Oifig na nOibreacha Poiblí, ar NLI ar an 16 Samhain 2022; agus maidir le hamlíne mheasta scéim MetroLink agus na rioscaí do NLI a bhaineann leis an scéim.

Thug an Bord tuairisc i scríbhinn agus ó bhéal an Stiúrthóra Gníomhaigh dá n-aire. D'fháiltigh an Bord roimh shealbhú Bhailiúchán an Athar Bernárd Lynch. D'fháiltigh an Bord roimh an bplé ar leith a rinne an caomhnóir Louise O'Connor agus an Stiúrthóir Gníomhach leis na meáin.

5. Coistí an Bhoird

5.1 An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca: Tuairisc ón 16 Samhain 2022 agus miontuairiscí ón 21 Meán Fómhair 2022

Ó tharla go raibh Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca as láthair, chuir na comhaltaí Boird an méid seo in iúl don Bhord:

- (i) gur gá soiléiriú a fháil ó Chathaoirleach an Choiste maidir le raon feidhme na hiniúcháireachta atá beartaithe ar shaothair a fhaightear; agus
- (ii) go luafaidh Cathaoirleach an Choiste an cheist a bhaineann le baill foirne a choinneáil, ar leibhéal sinsearach go háirithe, agus an baol dá bharr de dheasca daoine tábhachtacha a chailliúint ón mBord. Mar fhreagra, dúirt Cathaoirleach an Bhoird go mbeadh an cheist ar chlár de chruinniú Boird amach anseo.

Mar fhreagra ar cheist ón mBord maidir leis an mbaol a bheadh ann go ndéanfadh gníomhaithe ar son an chomhshaoil damáiste do bhailiúcháin NLI atá ar taispeánt don phobal, chuir Cathaoirleach an Bhoird in iúl go raibh sé tar éis dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir Gníomhach ar an gceist tar éis eachtra a thit amach i nGailearaí Ealaíne Crawford. Chuir an Stiúrthóir Gníomhach in iúl don Bhord go ndearnadh athbhreithniú ar bhailiúcháin NLI atá ar taispeánt don phobal ar an láthair agus as an láthair agus, bunaithe air sin, tá sé beartaithe míreanna neamhghlónraithe sna bailiúcháin a bhaint le nach mbeidh siad ar taispeánt don phobal.

Thug an Bord dá n-aire an tuairisc scríofa ó Chathaoirleach an Choiste agus an tuairisc ó bhéal a thug comhaltaí an Choiste maidir le Cruinniú an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 16 Samhain 2022. Thug an Bord dá n-aire na miontuairiscí faofa ó chruinniú an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 21 Meán Fómhair 2022.

5.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas: Tuairisc ón 23 Samhain 2022 agus miontuairiscí ón 21 Iúil 2022

Thug Cathaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltas faisnéisiú ó bhéal don Bhord maidir le cruinniú an Choiste sin ar an 23 Samhain 2022 mar seo a leanas:

- Rinne an Coiste plé ar a chuspóirí i dtaca leis an sainchúram atá air comhairle a chur ar an mBord ar nithe a bhaineann le cumhachtaí reachtúla agus feidhmeanna i réimsí an ghinealais agus an araltais agus i dtaca le dearcadh an Choiste gan cur le hualach mór oibre an Fheidhmeannais agus an easpa acmhainní atá ann.
- Thug an caomhnóir, Louise O'Connor, cur i láthair ar chaomhnú agus cosaint lámhscríbhinní araltais. Ghlac Rúnaí an Bhoird le hiarratas ó Chathaoirleach an Choiste an cur i láthair a scaipeadh ar an mBord.
- Tá cuireadh tugtha ag an gCoiste don Cheannasaí Cumarsáide agus Forbartha cur i láthair a thabhairt mar chuid den chéad chruinniú eile a bheidh ag an gCoiste um Ghinealas agus Araltas.

Thug Cathaoirleach an Choiste dá aire gur moladh sa tuarascáil ar an measúnú ar éifeachtacht an Bhoird agus a Choistí gur chóir don Bhord breathnú ar chomhaltaí neamh-Bhoird a bhfuil na scileanna agus an taithí chuí acu a bheith ar Choistí, ach gur dúshlán atá sa reachtaíocht ina leith sin. Rinne an Bord plé gairid ar chomhaltas an Choiste um Ghinealas agus Araltas.

Thug an Bord dá n-aire an tuairisc ó bhéal a thug Chathaoirleach an Choiste ar chruinniú an Choiste um Ghinealas agus Araltas ar an 23 Samhain 2022 agus na miontuairiscí faofa ó chruinniú an choiste sin ar an 21 Iúil 2022.

5.3 An Coiste Comhairleach Léitheoirí: Tuairisc ón 8 Samhain 2022 agus miontuairiscí ón 20 Meán Fómhair 2022

Chuir an Cathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach do Léitheoirí in iúl don Bhord gur tarraingíodh a haird ar

dhúshlán atá roimh an gCoiste i gcruinniú de chuid an Choiste ar an 8 Samhain 2022. Baineann an dúshlán sin le bheith ag freastal ar an meascán de shainchúram comhairleach an Choiste agus sprioc dhaingean na gcomhaltaí Boird torthaí praiticiúla a bhaint amach agus, san am céanna, gan iad a bheith ag cur le hualach mór oibre an Fheidhmeannais agus iad aireach ar na hacmhainní teoranta atá ann ó thaobh foirne de.

Rinne an Bord plé ar shainchúram Coistí Boird go ginearálta agus an sainchúram atá ar an gCoiste Comhairleach do Léitheoirí go sonrach.

Thug an Bord dá n-aire an tuairisc ó bhéal a thug Cathaoirleach an Choiste ar an gcruinniú a bhí ag an gCoiste Comhairleach do Léitheoirí ar an 8 Samhain 2022 agus na miontuairiscí faofa ó chruinniú an choiste sin ar an 20 Meán Fómhair 2022.

6. Tuairisc ar Thosaíochtaí Straitéiseacha Eagraíochta NLI 2022

Thug an Stiúrthóir Gníomhach breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha agus, mar fhreagra ar cheist ón mBord, tharraing sí aird an Bhoird ar an tuairisc achomair inar tugadh sonraí maidir leis an athrú agus suaitheadh ar leibhéal na Foirne Ceannasaíochta in 2022.

Thug an Bord an tuairisc ar thosaíochtaí straitéiseacha eagraíochta NLI 2022 dá n-aire.

7. Measúnú Seachtrach ar an mBord agus ar Choistí an Bhoird

Thug an Bord dá n-aire tuarascáil deiridh Board Excellence (soláthraí seirbhíse) ar an measúnú a rinne siad ar éifeachtacht an Bhoird agus Choistí an Bhoird. Bhí an Bord den tuairim chéanna go bhfuil féinmheasúnú bliantúil an Bhoird agus an measúnú bliantúil ar Choistí an Bhoird curtha i gcrích mar pháirt den bhreithmheas seachtrach ar an mBord agus ar Choistí an Bhoird.

8. Cásanna gnó

8.1 Bailiúcháin Speisialta: Tionscadal Catalógaithe Pháipéir Chonradh na Gaeilge

Thug an Stiúrthóir Gníomhach breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha thar ceann Choimeádaí na mBailiúchán Speisialta.

Thug an Bord faomhadh don Fheidhmeannas cuireadh chun tairisceana a eisiúint faoi Chreat 2022-2026 um Sheirbhísí Bainistíochta Bailiúchán le seirbhísí catalógaithe a chur ar fáil ar feadh 44 seachtain, ó mhí Feabhra 2023 ar aghaidh, chun páipéir Chonradh na Gaeilge a athlonnú agus a chatalógú, chomh maith le bailiúcháin ghaolmhara, páipéir Dhubhghlais de hÍde agus Úna Ní Fhaircheallaigh ina measc.

8.2 Bailiúcháin Dhigiteacha: Trealamh Digitithe

Thug Eoghan Ó Carragáin, Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach, breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha. D'fhreagair Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach ceisteanna ón mBord maidir leis na ceamaraí a bhfuil cinn nua ag teastáil ina n-ionad agus na ceamaraí nua atá beartaithe.

Thug an Bord dá n-aire an leasú ar an gcomórtas tairisceana mar a leagadh amach i bpáipéar an Bhoird é agus mar a d'athdhearbhaigh an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach ó bhéal é.

Thug an Bord faomhadh le go gcuirfeadh an Feidhmeannas ordú le Strazo Ltd., an tairgeoir a bhuaigh an conradh, chun 8 gcinn de cheamaraí Fujifilm GFX100 a cheannach, mar aon leis na lionsaí agus na gabhálaí a bhaineann leo [REDACTED]

8.3 Bailiúcháin Dhigiteacha: Conradh le haghaidh Seirbhísí Digitithe

Thug an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha.

Thug an Bord faomhadh le go gcuirfeadh an Feidhmeannas síneadh leis an gconradh reatha atá ann le Archives Ireland (Mastermind) chun Seirbhísí Digitithe a chur ar fáil mar atá ceadaithe faoi Chreat Digitithe NLI 2018 agus faoin Miontairiscint a d’fhaomh an Bord ar an 4 Lúnasa 2022

9. Beartais

9.1 Cúrsaí Airgeadais: Sainordú Bainc NLI agus Bainistíocht Cártaí Creidmheasa

Thug Kathleen Ruane, an Ceannasaí Airgeadais-CRO, breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird agus thug freagraí ar cheisteanna ón mBord i dtaca leis na nithe seo: an moladh go mbeadh dhá chárta creidmheasa gnó ag NLI; monatóireacht a dhéanamh ar íocaíochtaí cárta creidmheasa agus iad a cheadú; dáta measta seachadta an chárta creidmheasa in ainm an Cheannasaí Airgeadais-CRO.

D’fhaomh an Bord an t-athrú molta ar Shainordú Bainc NLI i dtaobh fheidhmiú an chuntais agus údarás beirt sínitheoirí seiceanna a shíniú mar seo a leanas: Katherine McSharry, an Stiúrthóir Gníomhach atá ag dul as oifig, a bhaint; agus Kathleen Ruane (Ceannasaí Airgeadais-CRO), Liz Coffey (Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha) agus Eoghan Ó Carragáin (Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach) a chur isteach.

D’fhaomh an Bord an t-athrú molta ar an úsáideoir údaraithe a luaitear i Sainordú Bainc NLI i dtaobh rochtain a dhéanamh ar bhaincéireacht fóin agus baincéireacht dhigiteach 365 mar seo a leanas: Katherine McSharry, an Stiúrthóir Gníomhach atá ag dul as oifig, a bhaint, agus Kathleen Ruane, an Ceannasaí Airgeadais-CRO a chur isteach.

Thug an Bord faomhadh le go ndúnfaí an cuntas cárta creidmheasa in ainm Katherine McSharry, an Stiúrthóir Gníomhach atá ag dul as oifig.

D’fhaomh an Bord an cinneadh dhá chárta creidmheasa gnó a úsáid: cárta creidmheasa amháin a d’úsáidfí in

ainm an Stiúrthóra agus cárta creidmheasa amháin a d'úsáidfí in ainm an Cheannasaí Airgeadais-CRO. Shocraigh an Bord teorainn iomlán de €10,000 i gcás na gcártaí creidmheasa agus an tsuim sin á roinnt idir an dá chárta creidmheasa gnó.

D'fhaomh an Bord doiciméad an Bheartais agus Nósanna Imeachta chun dáta maidir le Cártaí Creidmheasa (tagairt NLI_PRV4_08).

10. Gnóthaí corparáideacha

10.1 Cúrsaí Airgeadais: Cuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2022

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Lena chois sin, thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO eolas mionsonraithe don Bhord maidir le maoiniú breise atá le teacht ón RTCEGSM chun íoc as costas an chomhaontaithe pá Ag Dul ó Neart go Neart agus as costais fuinnimh atá ag dul in airde.

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO freagra ar cheist ón mBord maidir le cumas NLI íoc as a gcostais ar fad in 2023 ag brath ar an maoiniú breise a fháil ón RTCEGSM. Thug an Stiúrthóir Gníomhach moladh don Cheannasaí Airgeadais-CRO as an obair shuntasach a rinne sí leis an maoiniú breise a theastaigh a fháil ón RTCEGSM.

Rinne an Bord na dréachtchuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 a fhaomhadh. Chuir an Bord fáilte roimh an maoiniú breise atá le teacht ón RTCEGSM le costais NLI a íoc chomh maith le buíochas a ghabháil leis an bhFeidhmeannas as an obair shuntasach a rinneadh ar an gceist seo.

10.2 Eastáit: Treochlár NLI 2022 um Ghníomhú ar son na hAeráide

Thug Brian O'Donnell, Ceannasaí na nEastát, breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Thug Ceannasaí na nEastát freagraí ar cheisteanna ón mBord maidir leis an tionscadal reatha a bhaineann le gloiniú tánaisteach agus

éifeachtúlacht fuinnimh NLI go ginearálta agus go sonracha i dtaca leis an gCartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta i mBarra an Teampaill.

D'fhaomh an Bord Treochlár NLI 2022 um Ghníomhú ar son na hAeráide.

10.3 An Stiúrthóir Gníomhach:

[Redacted]

[Redacted]

[Redacted]

[Redacted]

11. Cruinnithe an Bhoird

11.1 An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoin 23 Feabhra 2023, 11:00

Thug an Bord dá n-aire go mbeadh an chéad chruinniú eile ar siúl Déardaoin an 23 Nollaig 2023 ag 11 r.n.

11.2 Sceideal cruinnithe boird 2023

Thug an Cathaoirleach breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

D'fhaomh an Bord sceideal na gcruinnithe Boird in 2023 i bprionsabal agus shocraigh go bpléifeadh an Bord dáta an chéad chruinnithe eile roimh dheireadh gach cruinnithe. Chuir an Bord fáilte roimh an moladh

cruinniú Boird amháin a thionól taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.

12. Aon Ghnó Eile

Luaigh an Cathaoirleach go mbeadh an Stiúrthóir Gníomhach ag éirí as a post i ndeireadh na bliana chun tús a chur le post úr ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Thar ceann an Bhoird, ghabh an Cathaoirleach buíochas ó chroí le Katherine McSharry as an tseirbhís fhada dhílis atá tugtha aici in NLI agus as an méid fiúntach a rinne sí mar cheannasaí ar rannóga éagsúla sa Leabharlann, a cuid oibre ar Mhúsaem Litríochta na hÉireann, mar Leas-Stiúrthóir agus anois mar Stiúrthóir Gníomhach ar shamplaí den mhéid sin.

Ghabh Katherine McSharry buíochas leis an mBord as an tacaíocht a tugadh di, go háirithe agus í ag feidhmiú mar Stiúrthóir Gníomhach.

Ghabh an Bord buíochas ó chroí le Katherine McSharry agus í ag éirí as a ról.

13. Am príobháideach

Thug an Bord dá n-aire go raibh cead tugtha ag an Aire Martin don Bhord an Dr Audrey Whitty a cheapadh mar Stiúrthóir tar éis don Bhord an Dr Whitty a mholadh don ról.

Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.